Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/152

30.1.2025

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/152 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29 Eanáir 2025**

**maidir le húdarú tintiúr de chaor na gcúig bhlastanas ó *Schisandra chinensis* (Turcz.) Baill. agus tintiúr ginsinge ó *Panax ginseng* C.A.Mey. mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin déantar foráil maidir le hathmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) Maidir leis na substaintí tintiúr de chaor na gcúig bhlastanas ó *Schisandra chinensis* (Turcz.) Baill. agus tintiúr ginsinge ó *Panax ginseng* C.A.Mey., rinneadh iad a údarú gan teorainn ama, i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE, mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh na substaintí sin i gClár na mBreiseán Beathaithe mar tháirgí a bhí ann cheana, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, Airteagal 10(1), pointe (b).

(3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas ar údarú tintiúr de chaor na gcúig bhlastanas ó *Schisandra chinensis* (Turcz.) Baill. agus tintiúr ginsinge ó *Panax ginseng* C.A.Mey. mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus iarradh ann go n-aicmeofaí na breiseáin sa chatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

(4) Ina dhiaidh sin, tharraing an t-iarratasóir siar an t-iarratas ar údarú tintiúr de chaor na gcúig bhlastanas ó *Schisandra chinensis* (Turcz.) Baill. a mhéid a bhaineann lena úsáid le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas capaill, madraí, cait agus éanlaith chlóis, agus an t-iarratas ar údarú tintiúr ginsinge ó *Panax ginseng* C.A.Mey. a mhéid a bhaineann lena úsáid le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas capaill, cait agus madraí.

(5) D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí na substaintí lena mbaineann a údarú freisin lena n-úsáid in uisce óil. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear 'comhdhúile blaistithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid na mbreiseán seo in uisce óil a cheadú.

(6) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sna tuairimí uaidh an 12 Márta 2024 ([3]) agus an 13 Márta 2024 ([4]) maidir le tintiúr de chaor na gcúig bhlastanas ó *Schisandra chinensis* (Turcz.) Baill. go bhfuil sé sábháilte do chapaill, madraí, cait, éanlaith chlóis agus do thomhaltóirí ar uastiúchaintí áirithe a shonraítear a thuilleadh le haghaidh gach speicis agus maidir le tintiúr ginsinge ó *Panax ginseng* C.A.Mey., go bhfuil sé sábháilte do chapaill, madraí, cait agus do thomhaltóirí ar an leibhéal úsáide atá beartaithe i mbeatha agus i mbia. Chinn an tÚdarás freisin maidir le húsáid tintiúr de chaor na gcúig bhlastanas ó *Schisandra chinensis* (Turcz.) Baill. agus úsáid tintiúr ginsinge ó *Panax ginseng* C.A.Mey. i mbeatha ainmhithe, nach meastar iad a bheith ina riosca don

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.
([2]) Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj).
([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2024;22:e8730.
([4]) *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2024;22:e8731.

chomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid maidir le tintiúr de chaor na gcúig bhlastanas ó *Schisandra chinensis* (Turcz.) Baill. agus tintiúr ginsinge ó *Panax ginseng* C.A.Mey. gur cheart iad a mheas mar ghreannaitheoirí craicinn agus súl agus mar íogróirí craicinn nó riospráide. Thairis sin, ós rud é gur féidir le torthaí *Schisandra chinensis* (Turcz.) Baill. tionchar a bheith acu ar airíonna céadfacha ábhar beatha, agus ós rud é go bhfuil fréamhacha *Panax ginseng* C.A.Mey. agus a n-ullmhóidí agus a n-eastóscáin aitheanta mar bhlastáin bhia agus ós rud é go mbeadh an fheidhm chéanna acu i mbeatha, go bunúsach, is atá acu i mbia, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar na breiseáin bheathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(7) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann tintiúr de chaor na gcúig bhlastanas ó *Schisandra chinensis* (Turcz.) Baill. agus tintiúr ginsinge ó *Panax ginseng* C.A.Mey. na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí na mbreiseán a chosc.

(8) Measann an Coimisiún nach gá uasleibhéil a shocrú le haghaidh tintiúr de chaor na gcúig bhlastanas ó *Schisandra chinensis* (Turcz.) Baill agus tintiúr ginsinge ó *Panax ginseng* C.A.Mey. ar chúiseanna sábháilteachta. Chun gur féidir rialú níos fearr a dhéanamh, ba cheart an t-uaschion molta a shonrú ar lipéad na mbreiseán beathaithe. I gcás ina sárófar an t-uaschion molta, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán lena mbaineann.

(9) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú na substaintí lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Údarú**

Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe', údaraítear iad mar bhreiseáin i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Bearta idirthréimhseacha**

1. Maidir leis na breiseáin bheathaithe tintiúr de chaor na gcúig bhlastanas ó *Schisandra chinensis* (Turcz.) Baill. agus tintiúr ginsinge ó *Panax ginseng* C. A. Mey. mar a údaraítear iad de bhun Threoir 70/524/CEE agus na réamh-mheascáin ina bhfuil na breiseáin sin, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 19 Lúnasa 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 19 Feabhra 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 19 Feabhra 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 19 Feabhra 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 19 Feabhra 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 19 Feabhra 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Eanáir 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

| Uimhir aitheantais an breiseán beathaithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse. | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteor-ainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe** | | | | | | | | |
| 2b61281-t | Tintiúr de chaor na gcúig bhlastanas | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Tintiúr de chaor na gcúig bhlastanas ó thorthaí *Schisandra chinensis* (Turcz.) Baill.<br>Foirm leachtach<br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Tintiúr de chaor na gcúig bhlastanas<br>Tintiúr mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ([1]) a fhaightear ó thorthaí triomaithe *Schisandra chinensis* (Turcz.) Baill. trí eastóscadh le meascán tuaslagóra uisce/eatánóil, fáscadh agus scagadh.<br>Sonraíochtaí<br>— Cion ábhair thirim: uasmhéid 4 %<br>— Suim sisaindrine agus dí-ocsaisisaindrine: 0,01-0,15 %<br>*Modh anailíse* ([2])<br>Maidir le schisandrin agus dé-ocsaiscisandrin (marcóirí fíticheimiceacha) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh:<br>— crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta cúpláilte le brath fótaiméadrach (HPLC-UV). | Madraí | – | – | – | 1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %:<br>— 12 mg le haghaidh sicíní lena ramhrú, mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus gach speicis éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó a thógtar le haghaidh pórúcháin;<br>— 18 mg le haghaidh gach speicis éanlaith clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin; | 19 Feabhra 2035 |
| | | | Cait | – | – | – | | |
| | | | Capaill | – | – | – | | |
| | | | Éanlaith chlóis | – | – | – | | |

| Uimhir aitheantais an breiseán beathaithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse. | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe** | | | | | | | | |
| | | | | | | | — 16 mg le haghaidh turcaithe lena ramhrú;<br>— 47 mg le haghaidh capall agus cat;<br>— 56 mg le haghaidh madraí.'.<br><br>4. I gcás ina sárófaí na leibhéil dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar na leibhéil úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.<br><br>5. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | |

(1) *Natural sources of flavourings – Report No. 2* [Foinsí nádúrtha blastán – Tuarascáil Uimh. 2] (2007).
(2) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

| Uimhir aitheantais an breiseán beathaithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse. | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe** | | | | | | | | |
| 2b318-t | Tintiúr ginsinge | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Tintiúr ginsinge ó fhréamhacha *Panax ginseng* C.A.Mey.<br>Foirm leachtach<br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Tintiúr ginsinge<br>Tintiúr mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ([1]) a fhaightear ó fréamhacha *Panax ginseng* C.A.Mey. trí eastóscadh le meascán tuaslagóra uisce/eatánóil, fáscadh agus scagadh.<br>Uimhir Chomhairle na hEorpa: 318<br>Sonraíochtaí<br>— Cion ábhair thirim: uasta 6 %<br>— Suim ginsinisíde Rg1 agus ginsinisíde Rb1: 0,01-0,5 % | Capaill | – | – | – | 1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: | 19 Feabhra 2035 |
| | | | Madraí | – | – | – | | |
| | | | Cait | – | – | – | | |

| Uimhir aitheantais an breiseán beathaithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse. | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe** | | | | | | | | |
| | | *Modh anailíse* ([2])<br><br>Maidir le ginsinisíd-Rg1 agus ginsinisíd-Rb1 (marcóirí fíticheimiceacha) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh:<br>— crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta cúpláilte le brath fótaiméadrach (HPLC-UV) | | | | | — 48 mg le haghaidh capall;<br>— 228 mg le haghaidh madraí;<br>— 162 mg le haghaidh cait'.<br><br>4. I gcás ina sárófaí na leibhéil dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar na leibhéil úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.<br><br>5. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | |

([1]) *Natural sources of flavourings – Report No. 2* [Foinsí nádúrtha blastán – Tuarascáil Uimh. 2] (2007).

([2]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.